AGUISÍN SCAGADH MEASÚNAITHE CUÍG PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHIARRAÍ 2009-2015

Réamhrá

Iarrann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go ndéanfar scagadh ar aon dréachtphlean úsáid talún nó athruithe/éagsúlacht air faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000 do thionchair féideartha ar limistéir sainaithe mar láithreáin Natura 2000 faoi Airteagail 6 (3) agus (4) den Treoir Ghnáthóg.

Críochnaítear measúnú scagtha Céim 1 do Phlean Forbartha an Chontae "Measúnú ar phleananna agus tionscadail a bhfuil tionchar suntasach acu ar shuíomhanna Natura 2000 – Treoir mhodheolaíoch ar sholáthar Airtigil 6 (3) agus (4) den Treoir Ghnáthóg 92/43/EEC" de réir coimisiún an AE. Sa chás go bhfuil tionchar suntasach measúnaithe ó chur i ngníomh an Phlean Forbartha, tá measúnú cuí (Céim 2) riachtanach leis an tionchar a mheas agus le bearta maolaithe a mholadh chun tionchar an phlean a leigheas agus roghanna (Céim 3) agus tionchair iarmharacha (Céim 4) a phlé.

Tá an measúnú scagtha seo do Dhréachtphlean Forbartha Chontae Chiarraí agus do na straitéisí agus cuspóirí atá ann.

Tá Cill Áirne, Lios Tuathail agus Trá Lí faoi réir Pleananna Limistéir Áitiúla agus beidh siad faoi réir a scagadh agus a measúnú féin faoi Airtigil 6 (3) agus (4) den Treoir Ghnáthóg.

Maitrís Scagtha

Cur síos gairid ar an tionscadal nó plean

Leagan Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2009 – 2015 straitéis iomlán amach do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae. Soláthraíonn an Plean treoir d'iarratasóirí pleanála agus leagann síos an caighdeán d'fhorbairt ar fud an Chontae. Ní féidir le forbairtí na Comhairle sárú a dhéanamh soláthairtí an Phlean Forbartha.

Cur síos gairid ar na láithreain Natura 2000

Tá 41 láithreán Natura 2000 i gContae Chiarraí agus 7 Limistéar iarrthóra Caomhantais Speisialta (cSAC). Tá siadsan liostaithe i dTábla 1 agus Tábla 2 chomh maith le fáth don sainiú agus cur síos ar na príomhíogaireachtaí tugtha.

Tábla 1 Limistéir Chaomhantais Spesialta i gContae Chiarraí

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
An Cheacha	000093	Is láithreán sainspéis eolaíochta é seo mar gheall ar an réimse leathan de ghnáthóga d'ardcháilíocht, ina measc bratphortach, fraochmhánna, screathain, lochanna agus tailte féaraigh thar réimse d'airdí. Bíonn cuid mhór speiceas tearc de phlandaí agus d'ainmhí anseo ag líon atá cosanta go dleathach ag leibhéil Náisiúnta agus Eorpach. Tá an Drúchtín Ballach agus an Dobharchú (Speiceas Aguisín 2) le fáil sa láithreán. Tá Cromán na gCearc agus an cág cosdearg sa láithreán freisin.	Cailleadh gnáthóige, athruithe san uisce, saibhriú cothaitheach fosfáite, sioltachán agus dríodrú.
Áth Caorach, An Bheannach agus Cuan Bhearrúin	000332	Is láithreán mór sainspéise éiceolaíoch é seo mar gheall ar a réimse gnáthóg chósta atá saibhir go bláthach agus mar láithreán geimhridh do líon mór éan uisce. Sa láithreán seo tá líon tábhachtach go hidirnáisiúnta de Chadhain, líon tábhachtach go náisiúnta d'Fheadóg an Fháinne, Feadóg Ghlas, Pilibín, Guilbneach Stríocearrach.	Athruithe i gcáilíocht uisce, doirteadh, sioltachán, dríodrú, cuanta agus saibhriú cothaithigh.
Bá Bhaile an Sceilg agus Inbhear na hEithne	000335	Is láithreán de shaintábhacht chaomhnaithe é seo go príomha mar tá dhá chineál de riasc goirt ann chomh maith le pobal tábhachtach go náisiúnta de Scótar agus d'Fheadóg an Fháinne.	Athruithe i gcáilíocht uisce, doirteadh, sioltachán, dríodrú, forbairtí cuanta agus saibhriú cothaithigh
Cuan Chaisleán na Mainge (cSAC)	000343	Tá réimse gnáthóg chósta d'ardcháilíocht sa láithreán seo, ina measc gnáthóga den scoth do bhradán, loimpre agus dobharchú. Tá an Cnádán ann agus tá cuid den láithreán liostaithe faoi Choinbhinsiún Ramsar. Is anaclann dúlra é cuid den láithreán.	Cailleadh gnáthóige, cáilíocht uisce, sioltachán, dríodrú, oibriúchán bruaigh, bradán, loimpre agus dobharchú
Seanfhoirgneamh Baile, Coill an Droma Mhóir	000353	Is láithreán tábhachtach gheimhriúcháin é seo don Chrú-Ialtóg Bheag.	Cailleadh gnáthóige agus corraíl
Teach Oighir Chill Gharbháin	000364	Sa láithreán seo tá foirgnimh agus coillearnach in úsáid ag an gCrú-Ialtóg Bheag	Cailleadh gnáthóige agus corraíl
Páirc Náisiúnta Chill Áirne, Na Cruacha Dubha agus Abhainn Chárthaí (cSAC)	000365	Is láithreán de luach ard éiceolaíoch é seo mar gheall ar éagsúlacht, cáilíocht agus fairsingeacht na ngnáthóg agus ar an liosta mórthaibhseach d'fhlóra agus fána. Bhí Páirc Náisiúnta Chill Áirne ainmnithe mar Thearmann Bithsféir Domhanda.	Cailleadh gnáthóige, corraíl, oibriúchán bruaigh, sioltachán, dríodrú, athruithe i gcáilíocht uisce

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
Loch Gaineamhain agus Loch na mBreac Dearg	000370	Is láithreán de luach ard éiceolaíoch é seo cionn is go bhfuil dhá sampla neamhchoitianta agus suimiúil de Aguisín 1 a théann le Treoir Ghnáthóige an AE – dumhcha socra agus lochanna olagatrófa. Tá an Drúchtín Ballach agus an Cnádán ann freisin.	Cáilíocht Uisce, eotrófú, sioltachán, dríodrú agus cailleadh gnáthóige
Cnoc Bréanainn	000375	Is láithreán de luach ard éiceolaíoch é seo cionn is go bhfuil sé ghnáthóg ann atá liostaithe ar Aguisín 2 de Threoir Ghnáthóige an AE. Tá diúilicín péarla fionnuisce, cág cosdearg agus seabhac seilge ar an láithreán freisin.	Brúnna hidreolaíocha, cailleadh gnáthóige, foraoisiú
Seithe Fhraoigh (Ardach)	000382	Is anaclann dúlra reachtúil é an portach seo agus é tábhachtach go hidirnáisiúnta mar shampla slán de chineál portaigh nach bhfuil coitianta sa réigiún.	Speiceas ionrach mar róslabhras agus péine Albanach, iníor ag eallach agus caoirigh
Locha Chluainí agus Inse Choinn, Coill an Iúraigh	001342	Tairgeann an láithreán seo éagsúlacht mhór de speicis agus de rudaí tearca. Tá raithneach Chill Áirne, Crú-Ialtóg Bheag agus an Drúchtín Ballach ann, chomh maith leis an tSeabhac Seilge.	Innilt ag fianna, eotrófú, athruithe i gcleachtadh úsáid talún agus dífhoraoisiú
Coill Mhucshnámha	001371	Is láithreán de shaintábhacht chaohmnaithe é seo mar gheall ar a choillearnach measctha dea-bhunaithe ina bhfuil speicis dhúchasach agus andúchasach de chrainn. Tá gorán corr réisc tábhachtach ar an láithreán freisin.	Athruithe i bpatrúin úsáid talún
Portach an Ghleanna Mhóir	001879	Sa láithreán seo tá pobal diúilicín péarla foinnuisce, cág cosdearg, raithneach Chill Áirne agus is ábhar suime caomhnaithe é mar gheall ar a bhratphortach gníomhach.	Patrúin úsáid talún, eallach agus caoirigh
Portach Mheall an Ghamhna cSAC	001881	Is loch olagatrófa é Loch Comar, gnáthóg atá liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Ghnáthóg an AE. I measc an fhána a bhfuil suim ann sa láithreán tá an cág cosdearg, speiceas liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Éan an AE.	Ró-innilt
Portach Mhullach an Ois	001890	Is é seo sampla de bhratphortach sléibhe beag d'ardcháilíocht.	Innilt
Seanfhoirgneamh Baile, Coill Chora Glasa	002041	Baineann an Crú-Ialtóg Bheag úsáid as an láithreán seo mar thalamh altran.	Baint na coillearnaí mórthimpeall
Bá Thrá Lí agus Leithinis an Mhachaire siar chun an Chlocháin	002070	Is láithreán saintábhacht éiceolaíoch agus caomhnaithe é seo mar gheall ar sár-éagsúlacht na ngnáthóg atá ann. Láithreacht de roinnt speiceas Leabhar Dearg Sonraí, an pobal is mó in Éirinn de Chnádáin san áireamh.	Dramhaíl Tí agus Thionsclaíoch, cáilíocht uisce, forbairt tionsclaíoch, rith talmhaíochta

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
Seanfhoirgneamh Baile, Coill Eascaibh	002098	Is láithreán síolrúcháin é seo don Chrú-Ioltóg Bheag.	Níl
Coill Bhaile Ó Síoda	002112	Tá an láithreán seo fíorthábhachtach mar gheall ar a chlampaí coillearnaí thiarnasacha d'fhearnóg agus fuinseog	Speicis ionracha mar róslabhras, féar altach Seapánach
An Ribhéar	002158	Tá roinnt gnáthóg mhuirí agus thalúnda sa Ribhéar. Tá pobail thábhachtacha den rón beag, dobharchúnna agus an Crú-Ialtóg Bheag inti. Tá taifead den gheabhróg Artach a bheith ag pórú ar oileáin charraigeacha i mBá Dhoire Fhoináin.	Gníomhaíochtaí áineasa, baint bhaoite, forbairtí tithíochta agus innilt.
An tSionainn Ióchtarach (cSAC)	002165	Tá cuid mhór gnáthóg agus speiceas ar an láithreán seo atá liostaithe ar Aguisíní 1 & 2 de Threoir Ghnáthóg an AE. Tá pobal cónaitheach de dheilfeanna bolgshrónacha agus de na trí speiceas Loimpre in Éirinn ann.	Eotrófú, cáilíocht uisce, cleachtais úsáid talún, sioltachán, míntíriú chodanna den inbhear
An Abhainn Mhór (Corcaigh/Port Lairge) (cSAC)	002170	Is abhainn le tábhacht chaomhnaithe í an Abhainn Mhór toisc go bhfuil samplaí maithe de ghnáthóga agus de phobail phlandaí agus ainmhithe inti atá liostaithe ar Aguisíní I agus II de Threoir Ghnáthóg an AE faoi seach; ina theannta sin tá sí de luach ard caomhnaithe mar gheall ar na pobail speiceas éan a bhaineann úsáid aisti. Tá dhá Limistéar faoi Chosaint Speisialta, ainmnithe faoi Threoir Éan an AE, ar an laithreán freisin – Calaí na hAbhann Móire agus Inbhear na hAbhann Móire. Anuas air sin, tá tábhacht an láithreáin feabhsaithe ag láithreacht shraith speiceas plandaí neamhchoitianta.	Rith talmhaíochta agus roinnt ionad múnlaigh, dreidireacht na hAbhann Bige, ró-innilt coillearnaí agus ionradh ag speicis neamhdhúchasach
Na Blascaoidí (cSAC)	002172	Tá pobail de rón glas agus muc mhara cuain ar an láithreán seo. Tá sé tábhachtach don Pheadairín Stoirme agus do gheabhróg Artach. Tá líon Gnáthóg Aguisín 1 ann, ina measc aillte cósta fásúla, fraochmhá thirim, uaimheanna muirí agus scairbheacha.	Forbairtí tithíochta, cáilíocht uisce
An Abhainn Mhór (Ciarraí) (cSAC)	0002173	Tá an láithreán seo de luach ard caomhnaithe mar gheall ar líon na speiceas faoi chosaint ann atá liostaithe ar Aguisín 2 de Threoir Ghnáthóg an AE. Tá diúilicín péarla fionnuisce, dobharchú, bradán agus crú-ialtóg bheag i measc na speiceas tábhachtach.	Ró-innilt agus foraoisiú, cáilíocht uisce
Sliabh Mis	002185	Tá roinnt gnáthóg agus speiceas ar an láithreán seo atá liostaithe mar Aguisín 1 agus Aguisín 2 de Threoir Ghnáthóg an AE. Tá fianaise ann go mbeathaíonn an seabhach seilge agus an cág cosdearg sa cheantar seo.	Innilt chaorach agus eallaigh, díghrádú gnáthóige agus baint mhóna

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
Loch Drongáin	002187	Is sampla é an ghnáthóg mhurlaigh seo de murlach locha salanda domhain poilihéaláine tairsithe.	Tá úsáid talún sa cheantar íseal go ginearálta agus níl aon bhaol áitheanta don láithreán
Oileáin an Mhachaire	002261	Is láithreán de luach ard caomhnaithe é seo cionn is go bhfuil samplaí maithe de ghnáthóga scairbheacha ann atá liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Ghnáthóige an AE. Tá an láithreán de thábhacht náisiúnta do gheabhróga póraithe.	Tá úsáid talún sa cheantar íseal go ginearálta agus níl aon bhaol áitheanta don láithreán
Cuan Bhéil Inse / Seolbhealach an Chalaidh	002262	Is láithreán sainspéise é seo toisc go bhfuil samplaí tábhachtacha de thrí ghnáthóg ann atá liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Ghnáthóg an AE, go príomha scairbheacha, góilíní móra éadomhana agus réileáin láibe taoide.	Níl aon íogaireachtaí aitheanta
Scarbhán Cheann Chiarraí	002263	Iompraíonn scairbheacha scarbháin cheann Chiarraí éagsúlacht suntasach d'fhána agus d'fhlóra.	Níl aon íogaireacht aitheanta
Coill Ghleann Locha	002315	Ar an láithreán seo tá teach feirme tréigthe de dhá stór ina bhfuil fara tábhachtach de chrú-ialtóg bheag.	Drochstaid na bhfoirgneamh
Portach Mhóin Mheáin Locha (cSAC)	002351	Iompraíonn an portach seo éagsúlacht mhaith de mhicreaghnáthóg phortaigh ardaithe.	Speicis ionracha le róslabhras agus ascaid

Tábla 2 Limistéir faoi Chosaint Spesialta i gContae Chiarraí

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
Oileán na gCánóg	004003	Is Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) de shainspéis chaomhnaithe é an láithreán seo mar gheall ar na speicis seo a leanas: Cánóg Bhán, Cánóg Dhubh, Peadairín Stoirme, Droimneach Beag, Crosán agus Éan Dearg. Tá an láithreán seo de shainspéis coamhnaithe freisin mar bhíonn cluichreán de bhreis is 20,000 éan mara póraithe.	Innilt neamhúdaraithe as a dtagann creimeadh don ithirchlúdach leochaileach.

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
SPA na Scealg	004007	Tá an láithreán seo ar na cúig láithreán is fearr sa tír agus é de thábhacht idirnáisiúnta mar gheall ar na pobail Peadairín Stoirme agus Gainéad. Tá an Peadairín Stoirme liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Éan an AE, mar atá Cág Cosdearg agus Seabhac Seilge.	Níl aon bhaol díreach aitheanta, thiocfadh le líon mór turasóirí lae go Sceilg Mhichíl cur isteach ar an ithirchlúdach leochaileach as a dtagann creimeadh ithreach
SPA na mBlascaoidí	004008	Tá SPA na mBlascaoidí ar na láithreán éan mara is tábhachtaí sa tír, agus dhá speiceas ann a bhfuil pobail thábhachtacha go idirnáisiúnta acu, agus naoi gcinn eile a bhfuil pobail thábhachtacha go náisiúnta acu. Tá sé de shainsuntasacht cionn is gurb é an láithreán is tábhachtaí ar an domhan don Peadairín Stoirme.	Innilt as a dtagann creimeadh ithreach. Níl aon bhaol suntasach aitheanta do na pobail éan mara.
SPA Loch Gile	004011	Cé go raibh sé níos tábhachtaí do speicis áirithe san am atá thart, iompraíonn sé fós pobail thábhachtach go náisiúnta d'Eala Balbh, Spadalach agus Lacha Iascán. Baineann cuid de phobal tábhachtach go náisiúnta de Ghé Ghiúrainn úsáid as freisin . Tá láithreacht na hEala Glórach agus na Gé Ghiúrainn tábhachtach mar gheall ar na speicis seo a bheith liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Éan an AE.	Truailliú Cothaithigh Loch Gile, brú méadaitheach ó iascaireacht agus baint chonláiste ghainimh
Bá Thrá Lí	004018	n seo de shaintábhacht éaneolaíoch cionn is go n-iompraíonn sé pobal tábhacht go hidirnáisiúnta den Chadhan agus pobal tábhachtach de speiceas amháin eile ar a laghad, Feadóg an Fháinne.	Níl aon bhaol dáiríre do na héin gheimhrithe. Tagann roinnt uisce truaillithe ón Laoi isteach sna limistéir idirthaoide, suaitheadh ó shiúlóirí, madraí saor-reatha, gníomhaíochtaí seoltóireachta agus baint bhaoite.

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
SPA Loch na dTrí gCaol	004029	Iompraíonn SPA Loch na dTrí gCaol pobal tábhachtach go hidirnáisiúnta den Chadhan chomh maith le pobail thábhachtacha go náisiúnta de sé speiceas déag eile. Tá sé suntasach go mbíonn cúig speiceas anseo go rialta atá liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Éan an AE, mar atá Lóma Rua, Lóma Mór, Feadóg Bhuí, Guilbneach Stríocearrach agus Cág Cosdearg.	Suaitheadh áitiúil ó ghníomhaíochtaí uisceshaothraithe, rith talmhaíochta agus uirbeach, suaitheadh ó shiúlóirí, madraí saor-reatha, gníomhaíochtaí seoltóireachta agus baint bhaoite.
Páirc Náisiúnta Chill Áirne	004038	Tá roinnt speiceas coillearnaí atá tearc go náisiúnta anseo, go háirithe Earrdheargán. Is ábhar ardimní caomhnaithe iad dhá speiceas Dearg-liostaithe, Cearc Fhraoigh agus Lon Creige. Tá sé suntasach go bhfuil trí cinn de na speicis a bhíonn anseo liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Éan an AE, mar atá Seabhac Seilge, Meirliún agus Gé Bhánéadanach na Graonlainne. Tá pobal na ngéanna suntasach freisin mar an pobal is faide ó dheas sa tír.	Cailleadh gnáthóige, oibriúchán bruaigh, sioltachán, dríodrú, athruithe i gcáilíocht uisce
An tSionainn agus Inbhir an Fhorghais	004077	Tá an láithreán seo de shainspéis éaneolaíoch agus é tábhachtach go hidirnáisiúnta mar gheall ar líon na n-éan geimhrithe a iompraíonn sé. Iompraíonn sé freisin líon tábahchtach go hidirnáisiúnta de thrí speiceas, mar atá Breacóg, Guilbneach Earrdhubh agus Cosdeargán. Ina theannta sin, tá 16 speiceas ann a bhfuil pobail de thábhacht náisiúnta acu. Is é an láithreán is fearr sa tír é do roinnt speiceas éan. Tá sé suntasach go bhfuil trí cinn de na speicis a bhíonn anseo liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Éan an AE, mar atá Eala Glórach, Feadóg Bhuí agus Guilbneach Stríocearrach.	Míntíriú de cheantar abhann agus inbhir, truailliú ó roinnt foinsí, tionsclaíoch agus talmhaíochta ina measc. Bíonn uisceshaothrú in áiteanna ar an láithreán – thiocfadh le méadú ar na gníomhaíochtaí seo cur isteach ar na gnáthóga agus ar na héin bhainteacha.

Suíomh Ainmnithe	Cód an tSuímh	Fáth don Sainiú	Íogaireacht
SPA Áth Caorach, An Bheannach agus Cuan Bhearrúin	004079	Tá an láithreán seo an-tábhachtach do réimse éan geimhrithe, agus an Cadhan ann i líon de thábhacht idirnáisiúnta chomh maith le hocht speiceas atá ann i líon de thábhacht náisiúnta. Tá láithreacht rialta na Feadóige Buí agus an Ghuilbnigh Stríocearraigh tábhachtach mar gheall ar na speicis seo a bheith liostaithe ar Aguisín 1 de Threoir Éan an AE.	Níl aon bhaol suntasach do na héin gheimhrithe ach b'fhéidir go mbeadh suaitheadh ann ó ghníomhaíochtaí áineasa.
SPA Phortach na hAdharc	004108	Bhain Gé Bhánéadanach na Graonlainne ó ealta Ghleann Chill Áirne úsáid as Portach na hAdharc mar láithreán beatha. Tá an ealta anois teoranta do láithreáin bheatha ar an Loch Uachtarach, go háirithe na portaigh ag an gceann thiar.	Níl aon íogaireacht aitheanta
SPA Oileán an Mhachaire	004125	Tá an láithreán seo de shaintábhacht éaneolaíoch do héin mhara agus don Ghé Ghiúrainn gheimhrithe.	Níl aon íogaireacht aitheanta
SPA Leithinis an Daingin	004153	Is é seo láithreán tábhachtach sa tír don Chág Cosdearg agus don Seabhac Seilge freisin. Iompraíonn sé réimse éan mara póraithe de thábhacht náisiúnta.	Níl aon íogaireacht aitheanta
SPA Leithinis Uíbh Ráthach	004194	Is é an leithinis seo an dara láithreán is tábhachtaí don chág cosdearg agus é tábhachtach freisin don seabhac seilge. Iompraíonn sé pobail mhóra d'Éan Aille, Cánóg Bhán, Saidhbhéar, Droimneach Mór agus Foracha Dhubh.	Níl aon íogaireacht aitheanta
SPA Cheann Chiarraí	004189	Tá SPA Cheann Chiarraí tábhacht do chág cosdearg agus iompraíonn sé freisin pobal fulmaire de thábhacht náisiúnta.	Athruithe in úsáid talún

Critéir Mheasúnaithe
Déan cur síos ar ghnéithe aonair an tionscadail (go haonarach nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile) ar dócha tionchair a bheith acu ar an láithreán Natura 2000.

Ní féidir na gnéithe aonair ar dócha tionchar a bheith acu ar an láithreán Natura 2000 a shainaithint, agus mar gheall air sin ní féidir na tionchair, dá mbeadh tionchair ar bith ar na láithreáin seo, a mheas go hiontaofa.

Déan cur síos ar aon tionchar dóchúil díreach, indíreach nó tánaisteach an tionscadail (go haonarach nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile) ar an láithreán Natura 2000 de bhua:

- *Méid agus scála*

Ní féidir cur síos a dhéanamh go himleor ar mhéid agus scála forbartha a dhéanfar le linn tréimhse an Phlean seo mar gheall ar nádúr straitéiseach chuspóirí an phlean.

Beidh cuid de na forbairtí seo faoi réir measúnaithe ar an tionchar ar an timpeallacht, a shainaithneoidh go himleor na tionchair shuntasacha thimpeallachta ar láithreáin Natura 2000 agus na bearta riachtanacha maolaithe leis siúd a laghdú/a dhíbirt.

- *Tógáil Talún*

Ní féidir measúnú go hiontaofa

- *Fad ón láithreán Natura 2000 nó eochairghné an laithreáin*

Tá na láithreáin Natura 2000 atá liostaithe i dTáblaí 1 agus 2 go hiomlán nó go páirteach i gContae Chiarraí.

- *Riachtanais Acmhainne (Cuimsiú uisce etc..)*

Ní féidir, ag an bpointe seo, é seo a mheas go hiontaofa, ach tá sonraí na moltaí éagsúla maidir le cuimsiú uisce agus foinsí uisce nua sa Phlean Forbartha.

- *Astúcháin (diúscairt chun talún, uisce nó aeir)*

Ní féidir measúnú go hiontaofa.

- *Riachtanais tochailte*

Ní féidir measúnú go hiontaofa. Ach, chuir an Chomhairle srianta áirithe ar chairéalacht cóngarach do limistéir chónaitheacha.

- *Riachtanais iompair*

Ní féidir measúnú go hiontaofa.
Léiríonn Tábla 8.5 den Phlean Forbartha Contae na bóithre nua molta do Chontae Chiarraí. Beidh na bóithre seo faoi réir measúnuithe timpeallachta.

- *Fad ama tógála, oibriúcháin, díchoimisiúnú etc..*

Ní féidir measúnú go hiontaofa.
Níl an t-eolas seo ar fáil ag an bpointe seo; ach rinne cuspóirí an phlean Deimhniú go mbeidh talamh criosaithe go cuí do chineálacha forbairtí éagsúla taobh istigh den Chontae agus le linn tréimhse an Phlean seo.

- *Eile*

Ní féidir measúnú go hiontaofa.

Déan cur síos ar athruithe dóchúla don láithreán mar gheall ar:

- *Laghdú ar limistéar gnathóige*

Ní féidir measúnú go hiontaofa méid thógáil thalún de na láithreáin Natura 2000. Mar Chuspóir EN11-22 den Phlean, tá riachtanas ag an gComhairle go léireoidh forbróir an slí go mbeadh tionchar ag forbairt ar laithreán Natura 2000.

- *Suaitheadh ar eochairspeicis*

Ní féidir meas go hiontaofa an suaitheadh d'eochairspeicis. Ach, beidh dianmheasúnuithe éiceolaíocha riachtanach d'fhorbairtí cóngarach do láithreáin Natura 2000, a dhéanfaidh éiceolaithe cáilithe. Mar gheall air seo beidh liosta iomlán na speiceas, speicis Aguisín 1 etc., soláthraithe sa tuarascáil éiceolaíoch seo, ullmhaithe ag an éiceolaí. Ó na sonraí soláthraithe sna táblaí, tá na heochairspeicis i gcuid de na laithreáin Natura 2000 i gCiarraí liostaithe.

- *Laghdú i ndlús speiceas*

Ní féidir laghdú i ndlús speiceas a mheas go hiontaofa.

- *Athruithe in eochairtháscairí den luach caomhnaithe (anailís uisce, etc..)*

Ní féidir ag an bpointe seo tionchar na n-eochairtháscairí caomhnaithe forbairtí a mheas go hiontaofa.

Tá Comhairle Contae Chiarraí mar chuid de Cheantar Abhantraí na Sionainne agus de Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt agus mar chuid den Chreat-treoir Uisce beidh ar an gComhairle cuspóirí timpeallachta Pleananna Bainistíochta na hAbhantraí a chomhlíonadh do na Limistéar Abhantrach seo.

- *Athrú Aeraide*

Ní féidir ag an bpointe seo cur i ngníomh iomlán an Phlean Forbartha ar athrú aeráide a chur in iúl.

Ach, déanfaidh roinnt cuspóirí sa Phlean Deimhniú go mbeidh táirgeadh gás ceaptha teasa laghdaithe go mór trí thithe tíosach ar fhuinneamh a thógáil agus/nó trí úsáid fhuinnimh in-athnuaite.

Déan cur síos ar aon tionchair dhóchúla ar an láithreán Natura 2000 mar iomlán maidir le:

- *Cur isteach ar an eochairchaidreamh a shainmhíníonn struchtúr an láithreáin*

Ní féidir ag an bpointe seo measúnú go hiontaofa an mbeidh tionchar ag cur i ngníomh an Phlean Forbartha ar na caidrimh a shainmhíníonn struchtúr na láithreáin Natura 2000.

- *Cur isteach ar an eochairchaidreamh a shainmhíníonn feidhm an láithreáin*

Ag leibhéal Plean Forbartha ní féidir measúnú go hiontaofa an mbeidh aon chur isteach ar na heochairchaidrimh a shainmhíníonn feidhm láithreán Natura 2000 an Chontae.

Táscairí suntasachta a sholáthar mar gheall ar shainaithint na n-éifeachtaí leagtha amach thuas maidir le:

- *cailleadh*

Ag leibhéal Plean Forbartha, ní féidir táscairí a sholáthar.

- *bloghadh*

Ag leibhéal Plean Forbartha, ní féidir táscairí a sholáthar.

- *cur isteach*

Ag leibhéal Plean Forbartha, ní féidir táscairí a sholáthar.

- *suaitheadh*

Ag leibhéal Plean Forbartha, ní féidir táscairí a sholáthar.

- *Athruithe d'eochairghnéithe an láithreáin (e.g. cailíocht uisce etc..)*

Ag leibhéal Plean Forbartha, ní féidir táscairí a sholáthar.

Déantar cur síos uathu thuas ar na gnéithe sin den tionscadal nó plean, nó meascán den bheirt, an áit a mbeadh na tionchair suntasach, nó an áit nach bhfuil eolas ar an scála nó méid na dtionchar.

Ag leibhéal Plean Forbartha an Chontae, ní féidir measúnú go hiontaofa an mbeidh aon tionchair suntasacha ar láithreáin Natura 2000.

Ó na sonraí soláthraithe i dTábla 3 thíos, léirítear cuspóirí Chomhairle Contae Chiarraí chun laithreáin Natura 2000 a chosaint. Ar aon chuma, beidh forbairtí cóngarach do na limistéir seo faoi réir measúnaithe tionchar timpeallachta agus déanfaidh torthaí na measúnuithe cur síos imleor ar thionchair na bhforbairtí ar láithreáin Natura 2000. Liostóidh an measúnú aon bhearta maolaithe a bheidh in úsáid ag forbróir le haon tionchair a dhíbirt/a mhaolú.

Tábla 3 Cuspóirí chun an timpeallacht nádúrtha atá sa Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2009-2015 a chosaint

Cuspóir	Cosaint Timpeallachta
EN 11-1	Gach beart riachtanach a ghlacadh le truailliú a chosc chun cailíocht na timpeallachta i gContae Chiarraí a chothabhail.
EN 11-2	Deimhin a dheánamh de go gcuirtear na polasaithe le dul i ngleic le téamh domhanda agus le hathrú aeráide isteach sna polasaithe agus san fhorbairt de chórais bhainistíochta i gContae Chiarraí.
EN 11-3	Gach beart riachtanach a ghlacadh le deimhniú go mbíonn timpeallacht nádúrtha an chontae bainistithe agus cosanta i slí inbhuanaithe.
EN 11-6	Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle, i gcomhpháirtíocht le húdaráis agus le comhlachtaí cuí eile, Pleananna Bainistíochta Abhantrach a ullmhú de réir riachtanas Chreat-treoir Uisce an AE don Cheantar Abhantraí a bhaineann le Ciarraí.
EN 11-7	Aon chineál forbartha a chosaint taobh istigh de dhobharcheantar Loch Coiteáin (Loch Coiteáin é féin san áireamh), a mbeadh drochthionchar feideartha aici ar cháilíocht uisce mar atá léirítear ar léarscáil 11.4. Aird a bheith ann do phlean cosanta foinse Loch Coiteáin.
EN 11-8	Gach limistéar síothlaithe d'áiseanna cóireála fuíolluisce ar an láithreán a chosc taobh istigh de 200 méadar de bhruach gach locha.
EN 11-9	Aon fhorbairt mholta a mheas a bhfuil an chumas uirthi doirteadh chuig sruthchúrsa a ritheann isteach i loch ar bith sainaitheanta maidir le tionchar féideartha ar an loch.
EN 11-19	Uisce na gcontaetha chosaint ó thruailliú ag níotráit ó fhoinsí talmhaíochta, trí chur i ngníomh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2006.
EN 11-21	Deimhniú nach mbeidh cead de ghnáth ag forbairt a mbeadh drochthionchar dáiríre ar na limistéir liostaithe. Ní chiallaíonn ainmniú láithreán go mbeidh cosc iomlán ar gach forbairt. Caithfidh iarratais taispeáint nach mbeidh tionchar diúltach ag an bhforbairt mholta ar an bhflóra, fána nó gnáthóg atá faoi chosaint.
EN 11-22	Deimhin a dhéanamh de go soláthraíonn aon mholadh forbartha cóngarach do, nó éifeacht aici ar, SAC, SPA nó NHA sainaithe go leor eolais a léiríonn an slí go mbeadh tionchar ag an moladh ar an laithreán sainaithe. Is gá bearta maolaithe cuí a chur in iúl.
EN 11-23	An luach caomhnaithe a chothú de na láithreáin sainaitheanta ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, mar limistéir de shainspéis chaomhnaithe, chomh maith le láithreáin ar bith eile sainaitheanta mar sin le linn tréimhse an phlean sin.
EN 11-24	An luach caomhnaithe a chothú de na láithreáin roghnaithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, mar limistéir de Shainspéis Chaomhnaithe, chomh maith le láithreáin ar bith eile sainaitheanta mar sin le linn tréimhse an phlean sin.
EN 11-25	An luach caomhnaithe a chothú de gach Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá molta d'ainmniú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le linn tréimhse an phlean seo.
EN 11-26	Bithéagsúlacht a chur chun cinn ar fud an chontae agus cothabháil agus forbairt a éascú do líonra éiceolaíoch san áit

Cuspóir	Cosaint Timpeallachta
	riachtanach le linn an phróisis phleanála.
EN 11-27	Deimhin a dhéanamh de nach mbíonn drochthionchar ag an bhforbairt, agus nach féidir a mhaolú go sásúil, ar phlanda, ar ainmhí, ar speiceas éan atá faoi chosaint de réir an dlí.
EN 11-28	Dul i mbun comhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus chun riachtanais ar bith cheadúnais a ghlacadh san áireamh nuair a bhítear ag tabhairt faoi, ag faomhadh nó ag údarú forbartha ar dócha a chuirfeadh isteach ar speiceas planda, éan nó ainmhí atá faoi chosaint de réir an dlí.
EN 11-29	Deimhin a dhéanamh de go gcosnaíonn agus go méadaíonn moltaí le haghaidh forbartha bithéagsúlachta, nuair is féidir, trí dhrochthionchair a uasmhéadú ar ghnáthóga atá ann cheana agus trí mhaolú agus/nó bhearta cuí cúitimh, a chinntíonn go gcaomhnaítear bithéagsúlacht agus carachtar tírdhreacha.
EN 11-54	Cosc a chur ar fhorbairt ar bith a dhéanfadh damáiste nó a chuirfeadh le créimeadh dumcha sa limistéar ina bhfuil ardluach conláiste ag dumcha gainimh agus a thugann cosaint chósta.
EN 11-56	Forbairt príomhaonad agus aonad tánaisteach neamhchinnte próiseála, a fhad is go mbíonn forbairtí den chineál sin de réir phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an limistéir.
EN 11-57	Comhoibriú a dhéanamh le gach gníomhaireacht agus grúpa a bhaineann le cur chun cinn agus forbairt muirshaothraithe/uisceshaothraithe

Maitrís tuarascála nuair nach n-aimsítear éifeachtaí ar bith suntasach

Ainm tionscadail nó plean

Dréachtphlean Forbartha Chontae Chiarraí 2009-2015

Ainm agus suíomh na láithreán Natura 2000

Tá liosta de Shainlimistéir Chaomhnaithe i gContae Chiarraí i dTábla 1 agus tá liosta de Shainlimistéir Chaomhnaithe sa Chontae i dTábla 2.

Cur síos ar an tionscadal nó plean

Is é straitéis foriomlán Phlean Forbartha Chontae Chiarraí ná:

- Caighdeán feabhsaithe maireachtála a sholáthar do gach saoránach sa cheantar trí acmhainneacht eacnamaíoch an limistéir a chur chun cinn, ag cosaint a timpeallachta nádúrtha agus tógtha agus trína oidhreacht chultúrtha a chosaint.
- Soláthar a dhéanamh ar fhorbairt an limistéir ar shlí atá inbhuanaithe agus a chosnaíonn a chuid áiseanna sóisialta, cultúrtha, timpeallachta agus eacnamaíocha do na glúnta atá le teacht.Soláthar a dhéanamh ar fhás cothrom sa cheantar trí neartú pobal tuaithe a chur chun cinn agus bonneagar a sholáthar a éascódh cruthú postanna sa cheantar.
- Bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae a neartú, an bonneagar a chuirtear ar fáil a fheabhsú, an mais chriticiúil a fhorbairt atá de dhíth chun an tseirbhís soláthair a choinneáil agus a mhéadú ann, agus chun áiteanna cónaithe níos tarraingtí a dhéanamh díobh.
- Forbairt mhol Thrá Lí Chill Áirne a chur chun cinn mar shlí chun bun eacnamaíoch an Chontae a neartú agus é mar fhócas le haghaidh infheistíocht isteach.
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh na soláthairtí atá ann faoi láthair, ina measc criosú úsáide talún, ar na Pleananna Limistéir Áitiúil atá i bhfeidhm cheana, go mbeidh siad i bhfeidhm go dtí go ndéantar athbhreithniúchan orthu le linn thréimhse saoil an phlean seo.
- Ardchaighdéan deartha i bhforbairt phríobháideach agus phoiblí a sholáthar, a chuirfidh le caighdeán na réimse poiblí ach a chaomhnóidh carachtar, foirm agus patrún lonnaíochta na sráidbhailte.
- Soláthar a dhéanamh ar bhonneagar agus ar thacaíocht fhorbairt agus fairsingiú ar na deiseanna fostaíochta, ina measc tionscnaimh áitiúla bunaithe ar an eolas.
- Oidhreacht chultúrtha agus teanga an Chontae a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo an phobail.
- Bearta inathnuaite fuinnimh agus patrúin inbhuanaithe lonnaíochta a chur chun cinn ionas go gcuirfear chun cinn pobail inbhuanaithe agus caomhnú fuinnimh agus patrún taistil sa todhchaí.
- Tírdhreach an Chontae a chosaint mar áis eacnamaíoch mar aon lena áilleacht inmheánach agus a luach conláiste.

Tá mioneolas ar fáil faoi na cuspóirí sa Dréachtphlean Forbartha Chontae agus sa Tuarascáil Timpeallachta.

An mbaineann an tionscadal nó an plean go díreach le nó an bhfuil sé riachtanach do bhainistíocht an láithreáin (cuirtear sonraí ar fáil)?

Líon

An bhfuil tionscadail nó pleananna ar bith eile a bhféadfadh siad in éineacht leis an tionscadal nó leis an bplean atá faoi mheas cur isteach ar an láithreán (cuirtear sonraí ar fáil)?

Tá an plean seo forbartha mar chuid de phleanáil ar leibhéal níos airde ar nós na Stráitéise Náisiúnta Spásúlachta agus na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha. Is iad na príomhchuspóirí comhshaoil a bhaineann leis na polasaithe agus na straitéisí seo ná chun an comhshaol a chosaint agus chun comhshaol inbhuanaithe a chaomhnú sa Chontae.

An mheasúnacht ar éifeachtaí suntasacha

Cuir síos ar an slí go bhféadfadh an tionscadal nó an plean (leis féin nó le plean eile) cur isteach ar láithreán Natura 2000.

Tugadh faoin gceist seo i bhfreagraí roimhe.

Mínigh an fáth a meastar nach bhfuil na héifeachtaí seo suntasach.

Tugadh faoin gceist seo i bhfreagraí roimhe.

Liosta na ngníomhaireachta a ndeachthas i gcomhairle leo: Tugtar ainm teagmhála agus uimhir ghutháin nó seoladh rphost.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil,
Aoife O'Shea, Aonad na nIarratas um Fhorbairt (01) 833 3190,
An tUas. Tadhg O'Mahony, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comshaoil, Cigireacht Réigiúnach, Inis Cara, Co. Chorcaí,
Angus Reilly, Uas. Aonadh Comhordnáithe, An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, An Chéad Urlár, Teach Elm, Bóthar Bhaile na nIarlaí, Co. an Chabháin,
Monica Lyons, Uas. Rannóg na dTuilte, OOP. 17-19 Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2
Patricia O'Connor, Uas. Bord Iascaigh Mhara Thiar Theas, Teach Sunnyside, Maigh Cromtha, Co. Chorcaí
Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin, An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Corcaigh
Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir
Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúchain, Comhairle Contae Luimnigh, Luimneach
Dominic Casey, Oifig Tionscadail SWRBD, Inse Rátha, Co. Chorcaí
Jean Hartey, Oifig Tionscadail RBD na Sionainne, Áth an Choite, Co. Luimnigh
Fáilte Ireland, Droichead Shráid an Bhagóidigh, Baile Átha Cliath 2
An Roinn Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, 43-39 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4

Freagra ar chomhairliúchán

D'fhreastail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar chruinniú ina gcuid oifigí leis na comhairleoirí Fehily Timoney & Co.. Thug an GCC treoir maidir le hullmhú na Tuarscála ar an gComhsaol agus cuireann béim ar thábhacht chaomhnú gnáthóga sa Chontae.

Chuir an Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt aigneacht isteach a chlúdaigh na hábhair seo bhuairimh a leanas;

- Caomhnú aibhneach nár sainíodh ina bhfuil bradáin
- Smachtú speiceas ionrach
- Cumas Loch Coiteáin chun uisce óil a sholáthar do Chill Áirne. Léiríodh an tionchar éiceolaíoch ar infhaighteacht mhíchuí an uisce ar an Abhainn Gharbh agus ar An Fhionnabha

In aighneacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, léiríodh imní faoi;

- Forbairtí atá suite ar thuilemhánna
- An riachtanas chun iniúchadh a dhéanamh ar na tionchair a bhaineann le tógaint as (ardú) chuid den tuilemhá ar dhraenáil
- An riachtanas le limistéar bruachánach cosanta creasa ar shruthchúrsaí i lonnaíochtaí
- An riachtanas ar fhorbróirí tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chórais uisce a aithint
- An riachtanas le haghaidh bearta smachtaithe truaillithe le linn tógála chun sruthchúrsaí a chosaint
- An riachtanas le struchtúr ceadúnais chun cuimsithe a rialú
- An riachtanas le haghaidh bearta caomhnaithe uisce
- An riachtanas le tosaíocht a dhéanamh le haghaidh forbairt infreastruchtúir nuair nach mbíonn áiseanna fuíolluisce ann nó nuair nach mbíonn siad oiriúnach
- An riachtanas chun SuDs (Cothaigh Córais uirbeacha Dhraenála) le haghaidh forbairt nua i gceantair uirbeacha agus tuaithe

Sonraí a bailíodh le tabhairt faoin mheasúnacht

Cé a thug faoin mheasúnacht?

Fehily Timoney & Co. ar son Chomhairle Contae Chiarraí.

Foinsí na sonraí

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (RCORÁ)

Leibhéal measúnachta a cuireadh i gcrích

Staidéar Deisce

Cá háit ar féidir teacht ar thorthaí iomlána na measúnachta agus iad a fheiceáil?

Is féidir an SEA a léamh in éineacht le foilseachán an Dréachtphlean Forbartha Chontae le linn thréimhse chomhairliúcháin agus leis an bPlean Forbatha Contae nuair a ghlacfar leis.